


# ☘ An Lúibín ☘

24 Nollaig 2021

## An Ghaeilge faoi ghrian eile

*The history of the Irish language in Australia in biographical form. The first book in Australia published in entirely in Irish, with four editors. Worth reading, and cheap (as they say) at the price.*



San eagrán deireanach luadh *Gaeilge Ghriandóite*, leabhar nua lán d'iontrálacha faoi stair na Gaeilge san Astráil de réir daoine agus eagraíochtaí agus é foilsithe i mbliana in Melbourne. É pultha le hábhar agus breac le pictiúir. Féach sliocht thíos as an mbrollach.

Sa leabhrán seo, cuirtear i láthair cuid de phríomhthorthaí an taighde a rinne ceathrar Astrálach ar stair na Gaeilge agus ar chultúr na nGael san Astráil. Is é an chéad leabhar dá leithéid riamh é agus gan a mhacasamhail ann go fóill. Is é rud is ciall le 'Gaeilge Ghriandóite' ná an Ghaeilge mar a labhraítear agus a scríobhtar san Astráil í, agus í ag dul i ngleic le timpeallacht nua. Tabharfaidh an léitheoir faoi deara idir bhriseadh leanúnachais agus snáitheanna leanúnacha sa scéal ar feadh breis agus dhá chéad bliain.

Le blianta beaga anuas tá roinnt scoláirí Astrálacha ag cur thuairisc na Gaeilge sa tír seo, inné is inniu, i lámhscríbhinní, i gcló, ar leaca agus sna meáin chumarsáide go léir. Ar na scoláirí úd tá údair *Gaeilge Ghriandóite: A go Z a hAon* – Greg Byrnes, Robert Lindsey, Val Noone agus Colin Ryan.

Roinntear na torthaí in iontrálacha so-úsáidte, ó A go Z, ar mhná is ar fhir, eagraíochtaí is nósanna, irisí is nuachtáin, raidió, scannáin is teilifís i dtaca le pictiúir agus téacsanna stairiúla. Ag an deireadh tá leabharliosta a bhfuil a fhónamh féin ag baint leis.

Tá an leabhar seo dírithe ar Astrálaigh atá ag athsealbhú na Gaeilge agus dá bhrí sin ar Chumann Gaeilge na hAstráile, Scoil na Gaeilge Sydney, Scoileanna Samhraidh agus Scoileanna Geimhridh. Fós, Gaeil a bhfuil cónaí orthu san Astráil agus nach bhfuil páirteach sna comhlachais sin. Agus ar ndóigh lucht léite na Gaeilge in Éirinn agus ar fud an domhain.

Baineann na hiontrálacha le trí phríomhthréimhse: fianaise ar mharthain na Gaeilge ó 1788 anuas go dtí 1900; iarrachtaí caomhnaithe agus athbheochana um 1900; agus samplaí de fhiontraíocht na haimsire seo.

Liosta aibítire atá ann, áis chun fíricí a aimsiú agus a chur i gcomparáid le chéile. Don ghnáthléitheoir an téacs seo ach tá foinsí ag deireadh gach iontrála má theastaíonn siad ó shaineolaithe.

Is fairsing an t-ábhar agus is iomaí cor agus casadh sa scéal ach tá bearnaí ann chomh maith. Má tá eolas ag léitheoirí ina dtaobh siúd, cuiridís scéala chuig na húdair. 'Tarraingíonn scéal scéal' a deir an seanfhocal agus tiocfaidh eagrán a dó ar an saol nuair a bheas tuilleadh taighde tagtha chun cinn.

Tá foirm ordaithe nasctha leis an ríomhphost seo - \$25 san Astráil agus \$A35 thar sáile.



### Seanscéal, drochséal

*The way that Irish is taught in Irish schools has been the subject of endless complaint. Little has changed. There is a lack of fluent secondary teachers, even in the Gaeltacht. But among some of the young there might be a change of attitude.*

Mura bhfuil scéal nua agat, is deacair seanscéal a shárú, mar a léirigh *Tuairisc.ie* le déanaí.<sup>12</sup> Deir Anna Ní Ghallachair, Cathaoirleach Bhord Údarás na Gaeltachta, gur mithid athbhreithniú a dhéanamh ar an oiliúint a fhaigheann múinteoirí i múineadh na Gaeilge. Ós rud é gur ábhar éigeantach í an Ghaeilge (mar is cóir, dar léi), tá dualgas ar an stát í a mhúineadh ar an gcaoi is fearr – rud nár tharla le fada an lá, mar is eol dúinn. Trí Bhéarla is mó a dhéanann na múinteoirí cúrsaí; is beag an bhaint atá ag na cúrsaí sin le teagasc i nGaeilge. Tharraing an t-alt seo roinnt tuairimí eile ó léitheoirí. Dúirt duine acu nach aon nuaíocht sa mhéid sin, ach is maith an ní é a bheith ráite os ard.

Rinne *Tuairisc.ie* fein suirbhé ar phríomhoidí iarbhunscoile Gaeltachta, agus ní mór an t-ábhar dóchais a bhí ann. Dúirt 22 duine as 28 díobh gurbh éigean dóibh múinteoirí gan Gaeilge líofa a earcú. Sin fadhb atá ag ag scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge araon le roinnt blianta anuas. Dúirt 19 nduine den 28 bpríomhoide úd gur dheacair dóibh múinteoirí a fháil a d'fhéadfadh ábhar seachas Gaeilge a mhúineadh. Ba dheacair do 16 iarbhunscoil Ghaeltachta (57% díobh) folúntais a líonadh toisc nach raibh múinteoirí líofa le fáil. Eolaíocht agus teangacha na hábhair ba mhó a bhí thíos leis.

Tá an Roinn Oideachais ag iarraidh an fhadhb a fhuascailt. Tá sí chun cúrsa nua lán-Ghaeilge a bhunú do chéimithe atá ag iarraidh dul le múinteoireacht agus í ar lorg coláistí tríú leibhéal a mbeadh sásta an cúrsa a chur ar fáil. Cúrsa dhá bhliain é a d'fhágfadh mic léinn cáilithe mar mhúinteoirí iarbhunscoile. Bhí roinnt le rá ag léitheoirí faoin scéal seo agus d'fhiafraigh duine acu cén fáth a raibh ar thriúr múinteoirí nua-cháilithe ar a bhaile féin dul suas faoin tír le haghaidh jabanna. Mhaígh sé gur tugadh poist i scoileanna áitiúla do mhúinteoirí nach raibh líofa ach a phós isteach sa cheantar agus a raibh gaol nó cairdeas acu le múinteoirí eile sa scoil. Tá an locht, dar leis, ar phríomhoidí.

Admhaíonn Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge, go bhfuil locht ar mhúineadh na Gaeilge. Mhaígh sé gur cheart béim a chur ar an gcaint de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha agus níos mó deiseanna a bheith ann chun an teanga a úsáid. Deir sé, áfach, gur mó an fonn atá ar dhaoine óga Gaeilge a labhairt anois, rud is léir ó na meáin shóisialta. Tá na cumainn Ghaeilge sna coláistí tríú leibhéal ar na cumainn is mó.

Tá os cionn 730 meánscoil in Éirinn agus a lán múinteoirí iontu. Ní mór an t-ionadh nach bhfuil Gaeilge ag formhór na múinteoirí sin; ní bhfuair siad líofacht mar dhaltaí agus níor spreag an coláiste oiliúna iad chun líofacht a bhaint amach. Cuideoidh an cúrsa nua-Ghaeilge leis an scéal a fheabhsú, ach is mór idir feabhsú agus fuascailt. Is dócha, i ndáiríre, go mbeadh deacrachtaí ag baint le múinteoirí líofa a sholáthar fiú dá mbeadh an Ghaeilge ina hábhar roghnach ag an dara leibhéal. Ábhar machnaimh anseo dóibh siúd a shúleann fós gur féidir leanúint den éigeantas ar an sean-nós.



<sup>1</sup> <https://tuairisc.ie/thar-am-dathbhreithniú-ar-oiliúint-na-muinteoiri-gaeilge-sa-tir-cathaoirleach-bhord-udaras-na-gaeltachta/>

<sup>2</sup> <https://tuairisc.ie/muinteoiri-nach-raibh-gaeilge-liofa-acu-fostaithe-i-80-de-scoileanna-gaeltachta/>

### **An phlá in Éirinn sa 15ú haois**

*In a year of pandemic, it is worth remembering the past. The Black Death reached Ireland in the 14th century, probably from France. It mostly affected Anglo-Irish colonists: the Irish annals devote one sentence to it. In the 15th century it came again, and the annals have much more to say, not least because many of the Gaelic gentry died. The story of the plague tells us about social hierarchy, geography and transmission.*

I ré seo na paidéime, is cuí cuimhneamh ar ghalarr eile a rinne slad fadó: an phlá.

Tugtar plá ar ghalarr a bhaineann leis an mbaictéar *Yersinia pestis*, baictéar a scaipeann le dreancaidí francach agus a nochtann ar thrí chaoi: plá bhúbónach (faireoga ata limfe), plá sheipticéimeach (ionfhabhtú fola) agus plá scamhógach. Thit an babhta ba mhó amach i lár an 14ú haois san Eoraip agus in iarthar na hÁise agus mharaigh sé 30% den daonra ar a laghad.

Bhuail an phlá úd Éire go dona agus bhuail sí coilínigh ó Shasana go háirithe, ós iad is mó a bhí ina gcónaí sna bailte móra. Tá cuntas againn uirthi ó láimh an Bhráthar John Clyn i Luimneach. Is dócha gur tháinig sí ó bhFrainc, agus leath ina dhiaidh sin ó chalaí go bailte móra, síos na haibhneacha agus ar longa, ag marú na mílte. Ábhar suime é nach ndéantar ach tagairt ghearr amháin di sna hannála Gaeilge.

Níor imigh an phlá riamh; tháinig sí ar ais sa 15ú haois agus an uair seo tá i bhfad níos tagairtí di sna hannála. Is éard ba chúis leis sin, gan dabht, an oiread sin uaisle Gaelacha a bheith buailte aici – pátrúin an aosa léinn. Ach níl aon amhras ná go bhfuair na sluaite bás i measc an phobail.

In 1439 léimid go raibh an phlá go huafásach i mBaile Átha Cliath, áit a bhfuair trí mhíle duine bás, mná agus fir, ó thús an earraigh go deireadh mhí na Bealtaine. Faoin am sin bhí an galar le fáil thuaidh agus thiar, mar is léir ó shloinnte na n-uaisle úd a cailleadh.

*An phlá go hanfhoill in Áth Cliath gur éagadar trí mhíle ann idir fhear agus mhnaoi idir bheag agus mhór ó thosach earraigh go deireadh míosa Máí. Donnchadh mac Uí Dhubhda .i. mac Thaidhg, Conchubhar mac Dhommhnaill mhic Chormaic mhic Dhonnchaidh, agus a bhean .i. iníon Thaidhg Mhic Dhonnchaidh, agus biocáire Imligh Ísil Donnchadh mac Thomhaltach Uí Bheoláin, Éamann A Búrc mac Mhic Uilliam Clainne Riocaird ábhar tiarna Clainne Riocaird, iad seo uile d'éag den phlá.*

In 1447 bhí an galar le fáil thoir agus theas sa samhradh agus san fhómhar, i gContae na Mí, i gContae Chill Dara agus i gCúige Mumhan, agus taifeadadh go bhfuair seacht gcéad sagart bás de.

*Plá mhór i samhradh agus i bhfómhar na bliana so, dár éag príóir Bhaile Uí Bhogáin, príóir Chonnala, barún Calatroma, Gearóid mac Mhic Ualronta, agus sochaí mhór i Mí, i Mumhain, agus i Laighneibh, agus deirid aroile gur éagadar seacht gcéad sagart di.*

Fiche éigin bliain ina dhiaidh sin, in 1464, luaitear roinnt de mhaithe na tíre a fuair bás den phlá i lár na hÉireann (Contae an Longfoirt and Contae na hIarmhí), idir mhná agus fhir.

*Domhnall Ó Ruairc, Seán mac an Oifisil mhic Mhuircheartaigh Óig Uí Fhearghail, Maoileachlainn mac Bhriain mhic Mhuircheartaigh Óig Uí Fhearghail gona mhnaoi, Mór iníon Shéamais Uí Chinnéidigh bean Mhig Eochagáin gona hiníon agus Muircheartach mac Sheáin Uí Dhuibhgeannáin d'éag den treighd chéanna.*

*Réamann mac an Phríóra mhic Lochlainn Uí Fhearghail d'éag den treighd.*

An bhliain chéanna tá iontráil aisteach faoi thrúig bháis nach mbaineann go soiléir leis an bplá: chonaic Muircheartach mac Airt Uí Mhaoileachlainn, a bhean iníon Uí Chobhthaigh agus triúr eile capall ag fulaingt spuaiceanna agus fuair siad bás den ghalarr céanna i gceann lae. Rud é a chuireann i gcuimhne dúinn an difríocht idir aigne na ré sin agus aigne ár linne féin – nó an chosúlacht, ós deacair don duine gan creidiúint sa chomhbhraitheachas. Nil ré na bipseog thart.

*Muircheartach mac Airt Uí Mhaoileachlainn agus a bhean iníon Uí Chobhthaigh, agus triúr eile maille friú do dhul d'éag in aon lá go hoíche trí fhéachadh eich do chuaigh de na cnapaibh céanna.*

De réir cosúlachta, is ó Bhaile Átha Cliath, áit phlódaithe shalach, a leath an galar siar trí Chúige Laighean. Ach in 1478 faighimid tagairt do bhealach eile ar tháinig an phlá i dtír, ar bord loinge a bhain cuan Easa Rua amach i nDún na nGall. Ba ghearr go ndearna sí sléacht ar fud na cúige.

*Plá mhór do theacht le loing ar chuan Easa Rua. Leathnaíodh den phlá sin i bhFearaibh Manach, i dTír Chonaill, agus isan gcúige go coiteann, agus Mac an Bhaird .i. Gofraidh, Tíre Conaill d'ég di, agus díobháil mhór do dhéanamh di isan gcúige uile.*

In 1489 bhí an scéal níos measa fós. Deir na hannála go bhfuair an oiread sin daoine bás ar fud na hÉireann nárbh fhéidir iad a adhlacadh.

*Plá mhór isan mbliain seo dár éagadar uile. Bhí dá háidhbhle nach bhfaighidís daoine a n-adhlacadh seachmóin Éireann.*

Luann an iontráil dheireanach (1492) 'plá' neamhghnáthach i gContae na Mí – galar ceithre n-uair fichead nach dtolgadh naíonna ná leanaí beaga é.

B'fhéidir gur beag an tsuim a bheadh ag na croiniceithe sa scéal mura bhfuair daoine den uasalaicme bás. Is dócha go dtugann neart na plá léargas dúinn ar ghréasán trádála, na ceannaithe agus fánaithe eile ag dul ó thiarnas go tiarnas agus an bás ina ndiaidh aniar. Long a thug an phlá chun Dún na nGall, mar a dúradh thuas, agus is dócha go raibh calaí (Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus eile) ag ligean na plá isteach. Tá an phlá againn fós, ag faire na faille; léiríonn na hannála cuid dá stair.

Maria Kelly, 'Unheard-of Mortality'....The Black Death in Ireland,' *History Ireland*, Features, Issue 4 (Winter 2001), *Medieval History* (pre-1500), Volume 9: <https://www.historyireland.com/medieval-history-pre-1500/unheard-of-mortality-the-black-death-in-ireland/>

*Annála Ríochta Éireann*: <https://celt.ucc.ie/published/G100005D/index.html>: M1439.16, M1447.2, M1464.4, M1464.5, M1464.6, M1464.7, M1478.11, M1489.3, M1492.24

## Cúrsaí eolaíochta

Rinne saineolaithe ó UCC tuarascáil **faoi chúrsaí timpeallachta in Éirinn**. Tá Éire ag éirí níos teo agus níos fliche. Bhí 6% níos mó fearthainne in Éirinn idir 1989 agus 2018 ná sna tríocha bliain roimhe sin (bhí na blianta idir 2006 agus 2018 ar na cinn ba fhliche riamh), agus tharla cúig bliana déag den fhiche bliain is teo riamh ó 1990 amach. Tá an fharraige ag éirí idir 2 agus 3 mm gach bliain. Tá aibhneacha ag éirí níos treise i gcuid mhaith den tír agus súil le tuille dá réir, ach is dócha go bhfuil na haibhneacha ag éirí níos laige in oirthear agus i ndeisceart na tíre, rud a d'fhéadfadh triomach a tharraingt, go háirithe san oirthear.



Timpeall dhá bhiliún bliain ó shin thosaigh **carbón bitheolaíoch** ó bhactéirí agus ó phlanctóin ag cur méid mór graifíte le sceall ar ghrinneall an aigéin. D'éirigh an charraig sobhriste dá bharr agus b'fhurasta di carnadh. Laistigh de chéad milliún bliain d'éirigh formhór na sliabhraonta as an screamh lagaithe sin, agus lean sliabhraonta eile ar an gcaoi chéanna iad. Rinneadh staidéar ar fhiche shliabhraon ar fud an domhain, sna Rockies, na hAindéis, Svalbard, lár na hEorpa, an Indinéis, agus sa tSeapáin, agus fuarthas sceall dhubh lán de ghraifít de bhunadh bitheolaíoch.

Is dócha gurbh é an tOcsaídiú Mór ba chúis leis an mborradh a tháinig faoi mhionainmhithe mara. Rinne baictéir fhótaisintéisithe ocsaídiú ollmhór, rud a d'fhéadfadh orgánaigh aoncheallacha amhail planctóin a chothú. Is leor beagán de bhithmhais chun cuidiú le ciumhaisí teicteonacha sleamhnú thar a chéile, ach i sléibhte a d'eascair ó dhríodar Pailéaphrótarasóch bíonn ábhar carbónach de 10% agus de 20% féin uaireanta.



Cheap taighdeoirí in Ollscoil Náisiúnta na hAstráile ceartaitheoir (inneall spáis nó 'thruster' an Bhéarla) **a bhfuil naftailéin aige mar bhreosla**. Púdar bán é a mbaintear feidhm as chun leamhain a ruaigeadh agus mar dhíbholaíoch i leithreas. Tugtar 'Bogong' ar an gcóras tiomána seo agus bainfear triail as i satailít a theilgfear in 2022 mar chuid de chlár cumarsáide agus rianaithe eitleán. Faoi láthair úsáidtear plasma te le haghaidh ceartaitheoirí ar satailít beaga, ach tá naftailéin níos saoire agus neamhchreimneach. Tá innill iain ann, ach tiomáintear iad le gás xeanón, gás atá daor agus neamhchoitianta. Rinneadh trialacha ar an gcóras istigh i seomra folúis spáis san ollscoil, seomra a dtugtar WOMBAT air. (Tá córas saor tiomána eile á ndearadh i bPáras agus iaidín mar bhreosla aige.)

Carly Cassella, 'Earth's Ancient Mountains Rose Up With Help From The Ocean's Tiniest Organisms':  
<https://www.msn.com/en-au/news/techandscience/earth-s-ancient-mountains-rose-up-with-help-from-the-ocean-s-tiniest-organisms/ar-AARhyff?ocid=msedgntp>

New propulsion system using the key ingredient in moth balls could propel satellites through space:  
<https://www.msn.com/en-au/money/markets/new-propulsion-system-using-the-key-ingredient-in-moth-balls-could-propel-satellites-through-space/ar-AARChkW?ocid=msedgntp>



*An Nollaig san Astráil*

**Nollaig faoi shéan dár léitheoirí agus Bliain Úr faoi rath**

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

**Dhá dhán le Colin Ryan**

**An fharraige**

an fharraige  
ag teacht is ag cúlú  
ag fágáil fuíoll beatha  
ar an trá

bróga is boinn is rudaí  
nach féidir leat (nach áil leat)  
a aithint:  
an chuimhne ag scairteadh  
le guth faoileáin  
ag ghaoth ag guailleáil  
na dtor

### **Na cloig**

Chualamar na cloig  
mar a bheadh cogadh  
ag tosú nó ag críochnú:  
dúirt an bhean feasa  
(bean shúgach)  
go raibh fáidh chun an tsaoil  
a mhearódh na táinte  
go gcuirfeadh sé airm ag creachadh  
is na hothair á leigheas  
ach bhí an solas  
mar a bhí riamh  
na héin ag bailiú leo abhaile  
is sinn ag fanacht le fáistine  
nó á comhlíonadh